



## CAITH VÓTA AR SON NA GAEILGE

### TAOBH ISTIGH:

Ceacht beag	2
Gluaisteán vs. carr	2
Yu Ming is ainm dom	2
Cracó	3
Scéal Grinn	3
Gri-	3
An Hindenburg	4
Dracula — Drochfhola	4
Holmes & Wat-	5
Ceartaiseacht Pholaitiúil	5
Féile Mhílaoise Chath Chluain Tarbh	6
Breandán Ó Beacháin	7
Tharla sé i mBealtaine	7
Comhdháil	7
Céim chun cinn	8
An Tuiseal Ginideach	8
Turas chuig Ceatharlach	9
Crosfhocal &	10
Mick Murphy	11
Giro d'Italia	12
Craobhchomórtas Leadóige Oscailte na Fraince	12



# AN TAOBH Ó THUAIDH

agus ar fud na cathrach

*Ná labhair faoi ach déan é*

IMLEABHAR I EAGRÁN 5

BEALTAINNE 2014

## CUIR IAD FAOI BHRÚ!

Tá Conradh na Gaeilge ag éileamh orainn ceisteanna a chur ar na hiarrthóirí sna toghcháin áitiúla agus Eorpacha (23 Bealtaine) maidir lena dtiomantas (**commitment**) don Ghaeilge in Éirinn agus san Aontas Eorpach. Tá bileog eolais do na hiarrthóirí ar fáil ar <https://cnag.ie/ga/>. Is féidir leat freagaí a fuair an Conradh go nuige seo a léamh freisin. Deireann a lán de na hiarrthóirí gur mhaith leo blas a chur ar a gcuid Ghaeilge. Tá comhairle againn dóibh uile –

Ceangail le ceann de na ciorcail chomhrá nó le na maidineacha caife atá ag éirí níos flúirsí in aghaidh na seachtaine in Áth Chliath. Cuirimid fáilte roimh cách, fiú roimh polaiteoirí! Molann an Conradh trí cheist a chur ar na hiarrthóirí:

- (1) An roghnaíonn tú todhchaí dár dTeanga?
- (2) An bhfuil tú toilteanach seirbhís as Gaeilge a chinntiú do phobal na Gaeilge agus Gaeltachta ar comhchaighdeán leis na seirbhísí as Béarla ón údaras áitiúil?
- (3) Ceist áitiúil: faoi comharthaíocht áitiúil, cóiríocht do Ghaelscoileanna, srl. Mar sin bí dearg le fearg agus réidh le ceisteanna nuair a thagann siad chugat.



## LA GIRO D'ITALIA 2014

Leanann an Rás Rothar Cáiliúil seo ar feadh 3 seachtain (9 Bealtaine – 1 Meitheamh) agus tá 21 céim (**stage**) ann. Cuireadh an Giro ar bun i 1909 agus, blianta an dá Chogadh Dhomhanda amháin mar eisceacht, ritheadh é gach bliain ó shin. Ba é Constante Giradengo an chéad rothaí a bhí chun tosaigh sa rás (1919) ó thús go deireadh. Tosaíodh ag caitheamh an geansaí bándearg i 1931. Roghnaíodh an dath sin toisc gur clóbhuaileadh *La Gazzetta dello Sport*, an nuachtán a bhunaigh an rás, ar pháipéar bándearg. Bhuaigh an rothaí Beilgeach, Eddy Merckx, an Rás cúig huair, an chéad uair i 1968. Iodálaigh is ea an bheirt eile a rinne an t-éacht céanna, Alfredo Binda agus Fausto Coppi. Is é Stiofán de Róiste (**Stephen Roche**) an t-aon Éireannach a bhuaigh an Giro (1987). Den chéad uair riamh thosaigh an Giro in Éirinn leis an chéad dhá chéim i dTuaisceart na tíre agus an 3ú Céim ó Ard Mhacha go Baile Átha Cliath.



## CEAHT BEAG NA GAEILGE - AN "FADA"



Tá marcanna nó *accents* i neart teangacha agus cabhraíonn na marcanna seo le fuaimniú an fhocail agus le glór an fhocail. Sa Fhraincis tá an “grave accent” agus an “cedilla” Ç ann, sa Ghearmáinis tá an “umlaut” Ü ann agus sa Rúisis tá an “kratkoe” Ъ agus an “comhartha bog” Ь. Sa Ghaeilge níl ach *accent* amháin againn agus tugtar “an fada” air. Agus cé nach bhfuil ach an t-aon chomhartha ann tá sé an-tábhachtach agus ní cóir é a fhágáil as an áireamh riamh. Má dhéantar, athraíonn sé fuaim agus brí an fhocail. Mar shampla –

**a / á:** tá a chara tinn san ospidéal / tá leabhar á léamh aige (*his friend is sick in hospital / he is reading a book*)

**ar / ár:** tá an cupán ar an mbord / tá ár mbia go léir ite (*the cup is on the table / our food is all eaten*)

**fear / féar:** tá fear nua san oifig / tá an féar dóite ag an ngrian (*there is a new man in the office / the grass is burnt by the sun*)

**ait / áit:** is ait an duine é / nach deas í an áit seo? (*he is a strange person / isn't this a nice place?*)




Mar sin, tá sé éasca a thuiscint an fáth nár chóir an “fada” a bheith in easnamh – ach cé chomh minic a fheictear “cead míle failte” in ionad “céad míle fáilte” agus “Sean” in ionad “Seán”?

## GLUAISTEÁN vs. CARR

Ben Mac Lochlainn

Más duine thú a bhí ar scoil abraimís ó na tríochaidí go dtí na seachtóidí bhí focal amháin agat ar “car” agus ba é sin “gluaisteán”. Níor chuala mise riamh an focal “carr” nuair a bhí mé ar scoil. Sa lá atá inniu ann áfach, cé go gcloistear “gluaisteán” fós ó dhaoine éagsúla agus feictear é i bhfoilseacháin, tá focal eile ann agus is é an focal sin ná “carr”. Ní thuigeann páistí scoile “gluaisteán”. Níor chuala siad fiú faoi. Cad a tharla mar sin? Cad as ar tháinig “carr”? Deirtear go sean fhocal Gaelach é a chiallaíonn “carbad” (*chariot*) de shaghas éigin – b'fhéidir é ach is cuma! agus seo é an fáth gur chuma: Tá “gluaisteán” i bhfad chun tosaigh ar “carr” mar fhocal ar dhá phríomhchúis – (1) tá “gluaisteán” níos ciallmhaire agus (2) ó thaobh fhuaimniú de, níl puinn difríochta ann idir “carr” agus “car”. Baineann an loighic ar an iarmhír “-án”. Is féidir focal nua a chumadh ó bhriathar (*verb*) nó ó aidiacht (*adjective*) nó ó ainmfhocal (*noun*) le “-án” a chuir ag deireadh an fhocail, mar shampla:



*milis* (*sweet*) → *milseán* (*a sweet*); *guth* (*a voice*) → *guthán* (*a phone*);

*eitil* (*to fly*) → *eitleán* (*an aeroplane*); *fomhuiréan* (*a submarine*), rud a théann faoin

*mhuir*; *nuacht* (*news*) → *nuachtán* (*a newspaper*); *gluais* (*to move*) → *gluaisteán* (*a car*).

Tá sé chomh héasca “gluaisteán” a rá in ionad “carr”. Conas mar sin a tháinig “carr” in úsáid? B'fhéidir nár chuala daoine an focal “gluaisteán” riamh. Cinnte, tá “carr” níos **gonta** ná “gluaisteán” (sleamhnaíonn *mo charr* as an teanga níos éasca ná *mo ghluaisteán*) ach toisc gur ionann “carr” agus “car” ní mór dúinn rogha pearsanta a dhéanamh ar cé acu ar chóir a rá. Má roghnaíonn tú “gluaisteán” tá macántacht agus saibhreas na Gaeilge á chaomhnú agat.

## YU MING IS AINM DOM

Scannán den scoth é “*Yu Ming Is Ainm Dom*”. Foghlaimíonn an fear óg Síneach seo Gaeilge agus tagann sé go hÉirinn chun í a labhairt. Ach nach mór an diomá air nuair a fhaigheann sé amach go labhraítear Béarla don chuid is mó. Is mór an diomá agus an mearbhall (*confusion*) atá air. Bíonn fonn ar an bhreathnóir léim isteach sa scáileán chun labhairt leis as Gaeilge.

Rinneadh an scannán i 2003 - aon bhliain déag ó shin. Dá thiocthadh sé anseo anois...? Ní mhaireann an scannán ach ar feadh trí nóiméad déag ach is seoid í gach uile nóiméad. Tá casadh iontach ag an deireadh ach ní mhillfidh mé é daoibh. Téigí arís chuige chun é a athfheiceáil.



[www.youtube.com/watch?v=JqYtG9BNhfM](http://www.youtube.com/watch?v=JqYtG9BNhfM)



## CRACÓ NA POLAINNE

Ben Mac Lochlainn

Bhí sé d'ádh orm dul go dtí Cracó dhá uair na mblianta beaga thart agus ba léir ón tús go raibh domhan eile le feiceáil in Oirthear na Mór-Roinne. Bhí Cracó ina phríomhchathair na Polainne sna meánaoiseanna agus tá an pálás ríoga ar a dtugtar Wawel ar cheann de na seoda is mó tóir uirthi i gCracó. Bhí an Pápa Eoin Pól II mar Ardeaspag na cathrach roimh éirí ina Phápa dó agus tá iarsmalann bheag dá chuid istigh sa chaisleán. Is cathair mhúrtha mheánaoiseach í Cracó agus tá sé liostáilte mar **World Heritage City** ag Na Náisiúin Aontaithe. Ciallaíonn sé sin go bhfuil gach rud idir foirgnimh agus sráideanna díreach mar a bhídís sé céad bliana ó shin. Tá an príomhchearnóg, an **Rynek Główny**, timpeallaithe ag caiféanna agus siopaí agus proinntithe ina bhféidir leat do sháimhín só a ligean agus tú ag breathnú ar an domhan is a máthair ag dul thart. I lár na cearnóige tá an Bhaisleac Naomh Muire agus tá scéal fíor suimiúil ann fúithi. Sna meánaoiseanna nuair a bhí an chathair faoi bhagairt ag arm Mongólaigh a bhí ag déanamh uirthi, chuaigh duine de na cosantóirí suas go dtí túr an tséipéil le trumpa agus thosaigh sé ag seinm port ar a dtugtar an **“Hejnal Mariacki”** chun rabhadh a thabhairt do mhuintir na cathrach. Dúnadh geataí na cathrach agus tháinig na daoine slán. Ach leath slí tríd an bport maraíodh é le saighead tríd an mhuineál. Bhí an nóta ceoil gearrtha go tobann agus thit an fear den chloigtheach. Mar chomóradh air agus ar an éacht cróga, bíonn an port a bhí á sheinm aige le cloisteáil gach lá, gach uair ag an uair ó chloigtheach an tséipéil. Tá sé mar chomhartha aitheantais freisin ag Raidió Náisiúnta na Polainne. Taistealaíonn go leor Éireannaigh ann gach Nollaig go dtí Cracó don mhargadh Nollag. Tá cáil scannánaíochta ar Cracó freisin mar is ann a rinne an scannán **“Schindler's List”** leis an aisteoir Éireannach, Liam Neeson. Rinneadh an scannán chun cur síos a thabhairt ar na Giúdaigh a bhí ag obair i monarcha Oskar Schindler i rith an chogaidh. Tá an monarcha ann fós ach is iarsmalann anois é arb fiú go mór cuairt a thabairt uirthi.



## SCÉAL GRINN NA MIÓSA — AN MADRA TINN



Tá madra claonsúileach (**crosseyed**) ag an bhfear áirithe seo agus nuair a thagann sé abhaile ón obair an oíche seo, faigheann sé a mhadra sínte amach ar an t-urlár gan bhogadh as. Téann sé go dtí an tréidlia (**vet**) an maidin dar gcionn leis an madra. *“An féidir leat sracfhéachaint a thabhairt ar mo mhadra? Ceapaim go bhfuil sé tinn.”* *“Cinnté, is féidir”* deir an dochtúir agus a steiteascóp á bhaint d'á phóca aige. *“Tabhair dom é”*. Cuireann an fear an madra i lámha an dochtúra agus déanann an dochtúir scrúdú dian ar an madra. *“Is oth liom a rá”*, deir an dochtúir *“go mbeadh orm do mhadra a chur síos”*. *“Cén fáth?”*, fiafraíonn an fear bocht de, ... *“mar go bhfuil sé claonsúileach?”* *“Ní hea”* deir an dochtúir, *“tá sé ag éirí trom!”*

## AN GHRIANGHRAFADÓIREACHT


Déanfaimid go léir talamh slán de Ghrianghrafadóireacht. Tá an grianghrafadán mar ghnáth uirlis sna laethanta seo. Tá ceann ag chuile dhuine idir turasóirí ar a laethanta saoire, daoine ag cóisir, ag bainis nó ag tuairisceoirí sna réigiúin chogaíochta. Tógadh an chéad ghrianghraf sa bhliain 1820, creid nó ná creid. Mar shampla, sa cholún ar dheis feicimid grianghraf den Chogadh Cathartha Mheiriceá a tógadh in 1862. Tá sé deacair cuntas

nó tuairisc ar bith ar scéal ar bith a



shamhlú gan an grianghrafadán. Fiú i gcúrsaí meitéareolaíochta bíonn páirt nach beag á imirt ag na spástointeálaithe chun tíofúin agus adhamsir (**extreme weather**) ar an domhain a chur in iúl dúinn. Inár

saol laethúil féin fiú, bímid i gcónaí faoi bhreathnú ag na CCTVeanna sa tsráid. An rud maith é seo....? Braitheann sé ar an té lena mbíonn tú ag caint. Ó thaobh slándála de b'fhéidir, ach ó thaobh príobháideachas de..? Ach, is é an modh is suimiúla le gairid leis an fón póca ná an féinphic - nó an 'selfie' mar a dtugtar air i mBéarla.






## DEIREADH RÉ NA nAERLONG – AN HINDERBURG

Pádraig Mac Éil

Ar an 6 Bealtaine 1937 tharla tubaiste in Aerstáisiún Cabhlaigh Lakehurst, New Jersey, Stáit Aontaithe Meiriceá a chuir deireadh le slí thaistil. Ba é sin tuairt (**crash**) *An Hindenburg* LZ 129, aerlong Gearmánach do phaisinéirí.

Seoladh (**launched**) *An Hindenburg*, an t-íomprán aerga (**aerial carrier**) de dhéantús an duine ba mhó riamh i 1936. Thóg sí páirt in oscailt na gCluichí Oilimpeacha i mBeirlín le siombail Oilimpeach, na cúig fháinne, ar a taobh agus bratach mhór Oilimpeach á tharraingt ar a cúl. Rinne an aerlong aistear fillte ón Ghearmáin go dtí an Bhrasaíl go luath i 1937. Ach ba é a turas go Lakehurst a ceann deireanach. Bhí an aerlong 12 uair déanach ag sroicheadh a cheann scríbe. Chonaic daoine ar an talamh díluchtú gorm (**blue discharge**) – leictreachas statach nó Spréacharnach San Elmo b'fhéidir. Ansin go tobann phléasc an aerlong ina bhladhm lasrach (**burst into flames**). Bhí 36 paisinéir ann (ní raibh sí ach leathlán) agus 61 duine san fhoireann (**crew**) aici. Maraíodh 13 paisinéir agus 22 den fhoireann agus duine amháin ar an talamh.



Comparáid méid an Hindenburg, scairdeitleán 747 agus an Titanic

Níorbh é tuairt an *Hindenburg* an tionóisc aerloinge ba mheasa a tharla. Tharla é sin i 1933 nuair a thit an *USS Akron*, aerlong de chuid Cabhlaigh SAM, san fharraige amach ó chósta New Jersey agus fuair 73 fear bás. I 1930 maraíodh 48 i dtuairt an *R101*, aerlong míleata de chuid na Breataine. Ach bhí grianghrafadóir scannán ann do tuairt an *Hindenburg* agus chonaic na mílte daoine í. Ní raibh fonn ar an ngnáthdhuine, as sin amach, taisteal ar aerlong.

Modh taistil compordach mall a bhí ann i dtaisteal aerloinge, oiriúnach do dhaoine saibhre go háirithe. Ar aon nós is dócha gur chuirfeadh teacht na n-eitleán deireadh le ré na n-aerlong, rud a tharlófaí in ainneoin tubaiste an *Hindenburg*.

## DRACULA - DROCHFHOLA

Ben Mac Lochlainn

Tá aithne ag gach aon duine ar Dracula agus tá a fhios an scéil ag chuile dhuine. I bhfad siar ó shin sna tríochaidí ghlac Bela Lugosi an chéad pháirt dó i scannán Hollywood. Ach ba sna seascaidí a chuireamar go léir aithne ar Dracula agus ar na haisteoirí iontacha sin, Christopher Lee agus Peter Cushing. Deirtear



go bhfuil an carachtar “**Dracula**” bunaithe ar fhíor dhuine darb ainm **Vlad the Impaler**, a mhair sna meánaoiseanna i Trasalváin sa Romáin. De réir an béaloidis áitiúla bhí a leithéid de dhuine ann sa 16ú aois déag. Ar ól sé fuil a n-íospartach? Cá bhfios? Ach cá bhfuair an t-údar Bram Stoker i gColáiste na Tríonóide i mBaile Átha Cliath an t-ainm “**Dracula**” sin nuair a bhí an t-úrsceál uafáis á scríobh aige?






## HOLMES AGUS WATSON AG CAMPÁIL

Deasmhumhan Mac Gearailt

Tar éis béile breá a ithe agus buidéal den fhíon is fearr a bhí ar fáil ó Bhordghail<sup>1</sup> na Fraince chuadar isteach sa phuball<sup>2</sup> agus do luigh siad síos ina málaí codlata i gcóir na hoíche. Cúpla uair níos déanaí do mhúscail Holmes agus do thug sé sonc nó speach dá charaid chun é a dhúiseacht agus a dúirt sé leis: “Watson, féach suas ar an spéir agus abair liom céard a fheiceann tú.” Agus d’fhreagar Watson dó: “Feicim uimhir do-airithe – na milliúin réaltaí ag drithliú os ár gcionn.” “Céard a fhaigheann tú amach uaidh sin a chara?” arsa Holmes leis. “Ó thaobh réalteolaíochta de, nach dtaispeánann sé go bhfuil na mílte milliúin de réaltraí cosúil leis an réaltra a bhfuilimidne ann .i. Bealach na Bó Finne<sup>3</sup>, agus b’fhéidir go bhfuil na milliúin de réaltaí a bhfuil pláinéidí ag dul ina dtimpeall cosúil lenár bpláinéad beag féin, agus b’fhéidir go bhfuil créatúir le sibhialtacht níos foirfe ná an tsibhialtacht atá againn. Feicim freisin ag féachaint ar na réaltaí i gCrios Orion go bhfuil sé idir a deich agus fiche nóiméad tar éis a dó ar maidin de réir uaireolaíochta de. Ó thaobh astralaíochta



(astrology) de nach bhfeicim go bhfuil *Saturnus in Leonis Constellatione nunc* (Satarn i Leo anois) agus toisc nach gcreidim go bhfuil aon chiall le do bheith ag lorg tuair agus tairngreachta ó na comharthaí stoidiaca (*Signs of the Zodiac*) ní bheidh mé ag rá aon fhocal sa bhreis faoi sin. Ó thaobh na Diagachta de nach gcruthaíonn sé go bhfuil Dia Uilechumhachtach i Ríocht na Spéire agus ó thaobh na meitéareolaíochta de nach bhfuilimse den tuairim go mbeadh lá breá te againn maidin amárach agus an ghrian ag taitneamh ar feadh an lae. Agus céard a fheiceann tú a Sherlock?”



D’fhreagair Holmes: “*Well Watson, deir tú gur bleachtairé thú! Nach eejit ceart thú nár thug tú faoi deara gur ghoid gadaí éigin an puball dinn an uair go rabhamar inár gcodladh?*”

**P.S. Ceist:** Céard a dúirt Sherlock an uair gur phéinteáil Watson an doras ar an oifig le péint bhúí?  
**Freagra:** “*A lemon entry my dear Watson!*”

<sup>1</sup>Bordghail na Fraince = Bordeaux Burdigala i Laidin. Féach Foclóir Dinneen

<sup>2</sup>Puball: “tent” - nach raibh an bheirt acu ag *loitering with intent*

<sup>3</sup>Bealach Bó Finne = ár réaltra féin .i. The Milky Way = La Voie Lactée = Млечный Путь. In all these other languages their name means ‘a road of milk’ but Irish calls our own galaxy after the source of milk rather than the milk itself, i.e. The White Cow.

## CEARTAISEACHT PHOLAITIÚIL

Ben Mac Lochlainn

Cad é an “ceartaiseacht pholaitiúil” (political correctness) seo atá tar éis teacht go tobann aniar aduaidh orainn? Mar, cibé rud atá inti, tá sé tar éis gnáth caint agus gnáth modh smaoinimh laethúil a dhéanamh níos casta. Focail agus nathanna cainte neamhurchóideacha a bhí inghlactha agus gan dochar - ní mar sin anois iad mar deir daoine áirithe go bhfuil sé míbhéasach focail áirithe a úsáid mar cuireann sé músiam ar dhaoine i gcásanna áirithe. Cé a deir? Cad as ar tháinig an tuairim sin? Ní bhíonn aon mhíbhéasaíocht ann ach amháin nuair a cheapann daoine go bhfuil a leithéid ann. Mar shampla, tá sé mícheart anois “eachtrannach” (foreigner) a thabhairt ar dhuine - ní mór duit “neamhnáisiúnach” (non-national) a thabhairt air nó uirthi. Freisin, ní féidir an focal “abhadh” (dwarf) a rá. Ní mór duit “vertically challenged” a rá ina ionad. Cuirtear ceist anois freisin ar an sean nós Éireannach “Slán agus beannacht” a rá ar eagla go gcuireann sé isteach ar dhaoine nach Críostaithe iad! Tá an focal “cathaoirleach” (chairman) iompaithe anois i “chair” agus tá “mankind” iompaithe anois mar “humankind”. Cén fáth? Mar go bhfuil an réimír “man” ann ag tús an fhocail. Is cnuasainm (collective noun) é “mankind” a thógann fir agus mná araon san áireamh. Faraor, tá cosc á chur ar “honest expression” sna laethanta seo. Bíonn eagla ar dhaoine a rá ar mhaith leo a rá. Caithfidimid ár mbriathra a roghnú go cúramach roimh ré ionas go luíonn siad isteach leis an smointeoireacht nua-aimseartha seo – ambaiste! Bhí dea-tuisceant agus discríd ann i bhfad roimh an chlaonadh nua seo. Ní céim ar aghaidh í an cheartaiseacht pholaitiúil (sic.) Is ábhar raiméis í den scoth.



## FÉILE MHÍLAOISE CHATH CHLUAIN TARBH


Pádraig Mac Éil



Comhghairdeas do Chomhairle Chathrach Bhaile Átha Cliath as an Fhéile a d'eagraigh sí ag deireadh seachtaine na Cásca, 19 agus 20 Aibreán. Bhí an aimsir go hálainn ar an Satharn agus cé go raibh sracaimsir (**unsettled**) ar an Domhnach bhí tréimhsí fada griannmhara ann in



ainneoin sin. Bhí Páirc Naomh Áine plódaithe le daoine idir óg agus aosta ó tíortha éagsúla (40,000 de réir na meán). Bhí láthair bhuaite (**battle arena**) sa Pháirc cóngarach don príomhbhóthar isteach agus ina thimpeall bhí pubaill agus taispeántais de shaol na Lochlannach le feiceáil.



Atroideadh an Chath féin dhá uair gach lá ag 1.00 pm agus 4.00 pm. Bhuaigh arm na Mumhan gach uair. Ach bhí trí throid ann ina dhiaidh sin ina dúradh gur bhraith an toradh ar rialacha troda na rannpháirtithe. Ar an Satharn bhuaigh fórsaí Bhriain 3-0 ach ar an Domhnach ba iad Lochlannaigh Dhubhlinne lena sciatha gorma a bhuaigh 3-0. Throid gach duine go díograiseach, go proifisiúnta agus le hard-scil. Chuir sé iontas orm nár gortaíodh aon duine. Ní ó Éirinn agus ó na tíortha Lochlannacha amháin a tháinig na gaiscígh (**warriors**). Bhí idir fhir agus mhná ann, ó Shasana, ón Astráil, ón Nua-Shéalainn, ón Ghearmáin agus, fiú, ó Texas, Stáit Aontaithe Mheiriceá. Ba léir óna dtaispeántas go dtroideann siad go minic. Bhí tú in ann éadach a cheannach chun feisteas Lochlannach nó Éireannach aimsir 1014 AD a dhéanamh duit féin. Ní raibh ganntanas armán (**weapons**) ann mar bhí raidhse chlainmhte, sleánna/ghathanna (**spears**), bhoghanna, sciath (**shields**), chlogad (**helmets**), agus cathéide mháilleach (**mail armour**) le fáil freisin. Bhí seodra Lochlannach le fáil do na mná ó luach €5 go dtí beagnach €200. Chonaic mé a lán páistí le boghanna, le claimhte (déanta d'adhmaid!) agus le sciatha ag siúl timpeall na páirce.



Bhí oideachas lé fáil i ngach pubaill beagnach agus na rannpháirtithe (**participants**) réidh caint leat. Níor cheil siad a saineolas agus a n-oilteacht orainn. Bhí comhrá fada agam le fear ón eagraíocht **Claiomh**. Bhí céim sa Léann Ceilteach aige agus ba é a phríomhshuime ná Cogadh na Naoi mBliana. Is fiú go mór féachaint ar shuíomh idirlín na n-eagraíochta, <http://www.claiomh.ie/>. Chuala mé scéal na mbád Lochlannach ó dhuine amháin agus scéal Dhubhlinne, cathair Sitriuc Féasóg Síoda, ó dhuine eile. Bhí mionsamhail (**model**) na cathrach ag an dara duine (**féach thuas**).


Bhí gach saghas bia le fáil i margadh bia (**food village**) agus bhí gach saghas ceoil le cloisteáil i rith an dá lá, ceol traidisiúnta, popcheol, ceol bluegrass, snagcheol agus, **The Little Big Band** lena luasc-cheol (**swing music**) a thaitin go mór liomsa. Is mór an trua nach mbíonn féile mar seo ann ach gach míle bliain!



## BREANDÁN Ó BEACHÁIN

Rugadh é ar an 9 Feabhra 1923 i mBaile Átha Cliath. Bhí a athar Stiofáin i bPríosún Chill Mhaighneann ([Kilmainham Jail](#)) ag an am seo. Nuair a bhí Breandán ocht mbliana d'aois bhí sé ina bhall de na Fianna. I rith a shaol bhí Breandán i [mBorstal Hollesley Bay](#) i Sasana ó 1942 go 1946.

De bharr an t-am a chaith sé i bpríosún bhí tionchar mór ar sin ar a scríbhneoireacht. Rinne sé cur síos ar a shaoil sa borstal thall i Sasana ina leabhair "[Borstal Boy](#)". Sa dráma "[The Quare Fella](#)" is cuntas é faoi chur chun báis phríosúnaigh, rud a tharla san am a bhí Breandán i bPríosún Mhuinseo ([Mountjoy Jail](#)). Bhí clú agus cáil ar bhail dá chlann. Ba scríbhneoir iontach é a dheartháir Dòmnick. Scríobh sé an t-amhrán sin "[Liverpool Lou](#)" agus an ceann is cáiliúil ná "[The Auld Triangle](#)". Bhí an t-amhrán sin fite fuaite sa dráma "[The Quare Fella](#)". Scríobh a uncail, Peadar Kearney, "[Amhrán na bhFiann](#)".



Bhí an-suim ag Breandán Ó Beacháin sa Ghaeilge. Scríobh sé dánta i nGaeilge agus ba é an file ab óige a raibh dán aige sa nuavéarsaíocht i 1950. Bhuail sé le Máirtín Ó Cadhain i bpríosún an Churraigh i 1944 agus do thit sé i ngrá don Ghaeilge. Nuair a bhí Breandán ag scríobh filíochta chum sé dán cumasach "[Jackeen ag Caoineadh na mBlascaod](#)" ("[A Jackeen Keens for the Blasket](#)"). Bhí a lán dánta de chuid Bhreandáin foilsithe ag an irisleabhar "[Comhar](#)". Thugadar deontas dó dul go Conamara chun feabhas a chur ar a chuid Gaeilge. Scríobh sé a leabhair as Gaeilge, "[Casadh an tSúgáin Eile](#)" ("[The Twisting of Another Rope](#)") agus "[An Giall](#)", ("[The Hostage](#)") roimh aistriú agus athrú i bhfoirm an Bhéarla. I Márta sheol An Post stampa ag comóradh 50 bliain ó fuair sé bás (ag 41 bhliain d'aois).



## THARLA SÉ i mBEALTAINE

Insealbháíodh Nelson Mandela mar an chéad Uachtarán gorm san Afraic Theas ar an 10 Bealtaine 1994.



Rugadh Karol Wojtyła a bhfuil aithne níos fearr againn air mar Phápa Eoin-Pól II i Wadowice na Polainne ar an 18 Bealtaine 1920.

Sheol Samuel Morse an chéad theachtaireacht trí theileagraf (aitheanta as sin amach mar an "[Morse Code](#)") ar an 24 Bealtaine 1844.



do Ghaeilgeoirí -  
gan amhras!



Is mise  
Sinéad. Conas  
tá tú? Tá an  
t-iris seo ar  
fheabhas

## COMHDHÁIL: TÚS NA FÉILE BEALTAINE

Nodlaig Ó Scúrlóg

Beidh comhdháil ar siúl Dé hAoine 23 Bealtaine ag 8.00 pm i gClasach ar Bhóthar Ailf Uí Bhroin ([Alfie Byrne Road](#)) chun go mbeidh deis ag daoine as grúpaí éagsúla teacht le chéile. Tá rud neamhfhoirmiúil i gceist le tae is caife, comhrá, b'fhéidir beagán scéalta is spraoi. Is féidir leat breis eolais a fháil má chuireann tú téacs chuig Nodlaig Ó Scúrlóg ar 086 239 4390. Tabhair ciste beag mar milseog agus roinnt le daoine eile más maith leat agus beidh costas €5 i gcóir tae agus caife don ócáid seo. Beidh céilí ar siúl ag 9.30 pm, eagraithe ag daoine eile, agus tá costas breise le sin. Tá Br. Ailf Uí Bhroin ar an taobh thoir den líne DART agus ag dul go dtí an Lár cas ar clé ag an droichead [Annesley](#) agus arís ar clé. Ar an DART tuirling ag stáisiún Bhóthair Chluain Tarbh ([Clontarf Road](#)).



## CÉIM CHUN CINN

Scott de Buítléir

Bhí mé ag baint taitneamh as cúpla lá saor i mBéal Feirste le déanaí nuair a chonaic mé rud a bhí as an ngnáth do mhuintir na cathrach — slua daoine ag máirseáil suas agus síos na sráideanna, ag béicíl agus ag taispeáint bratacha agus comharthaí ildaite. Bhí spiorad bríomhar spleodrach san aer mar a shíúil siad tríd an gcathair, agus cheap mé gur chaill mé amach ar fhéile éigin a bhí ar siúl le linn na seachtaine sin. Bhí sé ródhéanach do Lá ‘le Pádraig, agus róluath don 12ú Iúil, nuair a théann na hOird Óráiste trí Bhéal Feirste lena gcuid bannaí. Bhí muintir Bhéal Feirste, agus daoine eile as gach cearn den oileán seo i ndiaidh teacht chun iarraidh ar aitheantas agus cearta a bhaint amach do mhionlach. An ndearna mé dearmad ar **Belfast Gay Pride**? Ní hea. Paráid iomlán nua dom ab ea seo. Paráid ar son cearta teanga a bhí ann.



Ba é teideal na hócáide ná *Dearg le Fearg*, ach caithim a admháil nár fhaca mé mórán feirge. Ba chosúil go raibh na daoine a bhí bailithe ar bís agus réidh chun an Ghaeilge a cheiliúradh, seachas a bheith ag screadaíl amach do thuilleadh tacaíochta ón rialtas, bíodh sin as **Stormont** (Stórmhonaigh), as Westminster nó as Baile Átha Cliath. Bhí an leasainm eile ar an lá – *Lá Mór na Gaeilge* – i bhfad níos oiriúnaí, mar d’fhéadfadh sé a bheith ina fhéile nua don chathair sin. I ndiaidh na paráide, bhí ceolchoirm mhór le bheith ar siúl sa Chultúrlann ar Bhóthar na bhFál, le ceoltóirí ar nós

Mairéad Ní Mhaonaigh ag casadh cúpla port ann san ionad pobail álainn. Bhí sceideal an lae curtha le chéile chun an taobh is fearr de shaol na Gaeilge a thaispeáint do mhuintir Bhéal Feirste, an Tuaiscirt agus níos faide; go raibh pobal ann i bpobal na teanga s’againne, agus go raibh siad réidh le ceiliúradh.

Agus mé ag siúl i dtreo eile chun bualadh le cara liom – d’aimsigh mé mórshiúl trí thimpiste – chuir an ócáid uilig mórshiúil eile i gcuimhne dom; na féiltí a thugtar **Pride** orthu, bíodh i mBéal Feirste iad, nó i mBaile Átha Cliath, i nGaillimh, i gCorcaigh, i Londain, i nDoire, i nDùn Èideann nó in aon mórchathair eile sa domhan iarthar iad. Nuair a dhéanann mionlach feachtas cearta trí thaispeántas ceiliúrtha, creidim go láidir go mbainfidís a sprioc amach i bhfad níos tapúla ná trí ghearáin a dhéanamh i gcónaí.

Tá súil agam go mbeidh an *Lá Mór Gaeilge* ina fhéile rialta amach anseo, idir thuaidh agus theas.

## SCÉAL LE BÉIM AR AN TUISEAL GINIDEACH

Mar is eol do gach duine sa rang tá an Tuiseal Ginideach ag cur isteach go mór ormsa agus níor tháinig aon fheabhas ar an scéal i rith na seachtaine. Chun an fhírinne a insint tá rudaí i bhfad níos measa le himeacht aimsire. Tá mo bhean chéile trína céile de bharr na faidhbe atá agamsa agus ag déanamh iarrachta chun colscaradh a fháil. Is amhlaidh go bhfuilim ag éirí as mo leaba i lár na hoíche agus ag déanamh rudaí seafóideacha. Bíim ag rith timpeall na leapa, ar mhuintir na muice, ar nós na gaoithe agus ag caitheamh na gloch, mar dhea, agus ag an am céanna a rá os ard mo chinn agus mo ghutha “*seachain cosa na circe bige*” agus raiméis cainte eile mar sinn.

Bíim ag insint scéil na muice mire a thagann de sciurd (**rush**) aniar aduaidh ort i gclós na feirme agus chomh maith le sin ag insint an scéil a bhí ag muintir an tsléibhe faoi chaptaen na foirne ag gabháil an chóngair abhaile trasna na reilige nuair a thit sé go bun na huaighe. Chuaigh mé ar Aifreann a deich i rith na seachtaine. Ní raibh mé ar an Aifreann Gaelach sin le blianta fada, ach pé scéal é, chuaigh mé suas go barr an tséipéil agus sheas mé os comhair an tslua agus ar aghaidh liom le cacamas cainte mar seo “*In ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh - a Naomh Mhuire, a mháthair Dé guí orainne na daltaí thíos in Áras Chluain Tarbh . Abair leis an múinteoir craiceáilte atá againne nach bhfuil aon ghá leis an Tuiseal Ginideach agus nach bhfuil aon ní mícheart le Gaeilge Choláiste Mhuire*” agus raiméis chainte eile mar sinn. Bhí Gaeilgeoir mór le rá i láthair ag bun na heaglaise agus thosnaigh sé ag caint go borb liomsa.” *A Pádraig, a chara, má labhraíonn tú Gaeilge ná bí ag magadh fúinne. Teanga gan tuiseal ginideach - teanga gan anam. Is cuma faoin “whale” (míol mór) - sábháil an tuiseal ginideach.*”

Bhí mé ag rith síos an tséipéil chun paltóg (**thump**) faoi bhun na cluaise a thabhairt dó nuair a fuair mé buile ó mo bhean chéile agus dhúisigh mé go tobann ag cur allais agus ag crith ar nós duilleoige.

[Foghlaimoír Fásta, An Briathar Beo, Cluain Tarbh]






## TURAS CHUIG CEATHARLACH

Pádraig Mac Éil

Tá forbairt tar éis teacht ar líon na maidineacha caife, ciorcail chomhrá agus ranganna i nGaeilge ar fud na cathrach. Uaireanta bíonn na daoine sna grúpaí seo scartha óna chéile. Níl deis (**opportunity**) níos fearr ann chun aithne a chur ar Ghaeilgeoirí eile ná dul ar thuras lae leo. D'eagraigh Seán Ó Coileán turas go Ceatharlach an mhí seo caite (26 Aibreán). Bhí timpeall ceathrar is fiche sa mhionbhus agus muid ar ár slí go Ceatharlach, scata maith agus saoire na Cásca ar siúl. Ní raibh an aimsir go rómhaith. Thugamar cuairt ar Ghairdíní Altamont i dtús agus an ghaoth ag séideadh agus báisteach éadrom ag titim.



D'fhán cuid den chomplacht sa seomra tae ag ól tae is ag ithe slisíní de chistéí seacláide agus caife. Chuaigh na daoine cróga ar shiúlóid ghearr go dtí an loch. Bhí na scáthanna fearthainne de dhíth orainne. Bhí an radharc go hálainn fiú tríd an ndraonán báistí (**drizzly rain**). Chuir péacóg thaispeántach (**displaying peacock**) fáilte romhainn. Bhí treoraí áitiúil againn a thug stair an tí agus na ngairdíní dúinn.



Ar aghaidh linn ansin go dtí an bhialann, *An Cheárta*, áit ar cuireadh fáilte romhainn freisin, agus ina raibh caint agus bia blasta againn. Chaitheamar tamall um thráthnóna ag dul timpeall iarsmalainne Chontae Cheatharlach agus bhaineamar eolas agus oideachas as. Chuir méid an Ionaid Ealaíon iontas orm. Bhí taispeántas d'obair Patrick Scott ann – saothar teibí geoiméadrach. Deirtear go raibh baint ag an bhfear seo le dearadh Busárais agus taitníonn an foirgneamh sin liom ach chaithfinn a admháil nach gceannóinn aon cheann de na saothair theibí a chonaic mé an lá seo. Tháinig mé ar an eolas gur dhein sé cuid dá shaothar agus é lomnacht. Is ait mac an tsaoil agus tú ag caint faoi nósanna ealaíontóirí! Cinnte is duine traidisiúnta mé. Bhí caint, ceapairí agus dí againn i dTeach Dolmen sular fhág muid an baile roimh bhualadh bóthair chun dul ar ais go Baile Átha Cliath. Tugann turais mar seo seans duit bualadh le daoine eile a bhfuil fabhrach don teanga, agus lá a chaitheamh ag baint triall as an iarraidh caint i nGaeilge. An t-aon aiféala (**regret**) - a bhí orm ná nár bhuail muid le Gaeilgeoirí Cheatharlach – ach, mar a deirtear, beidh lá eile ag an bPaorach! Míle bhuíochas do Shéan as an turas chomh taitneamhach mar seo a eagrú. (*Grianghraif Colleen Dollard & PMacÉil*)







# CROSFHOCAL BÉARLA-GAEILGE XBG-5

TRASNA

SÍOS




1	on (2)
5	fowl (8)
8	pigment (2)
9	duck (5)
10	pot (4)
11	nine (6)
13	colour (4)
14	dance (6)
16	habit (3)
17	dog (5)
20	clay (3)
21	nephew (3)
22	food (3)
23	strength (10)
26	juice (2)
27	young woman (6)
29	reference (7)
31	gold (2)
34	mannequin (8)
36	eyebrow (4)
37	easy (5)
38	sweat (5)


1	devour (3)
2	royal (5)
3	flame (6)
4	crowd (5)
5	bird (3)
6	full speed (7)
7	iron (6)
12	exception (9)
14	fortress (8)
15	cows (2)
17	finger (4)
18	cruel (8)
19	crane-fly (5)
20	party (6)
24	hard (3)
25	axe (3)
28	note(4)
30	injured (5)
32	saint (3)
33	red (3)
34	son (3)
35	kale (3)

## CUARDACH FOCAL 5

### éin I /birds I



H	C	A	N	O	A	R	T	P	A	I	S	I	Ú	N
F	R	Ó	G	B	L	Ú	Ú	N	S	M	Ó	L	A	P
Á	U	G	M	L	O	C	O	C	Ó	R	A	C	I	N
I	T	A	E	Ó	L	A	Á	L	A	M	R	A	T	Á
N	A	C	F	A	R	C	C	G	O	E	S	I	U	F
L	C	A	Á	T	L	H	Ó	L	A	U	S	C	H	N
N	Í	L	I	O	E	R	D	Í	N	P	G	E	L	A
Ú	E	L	N	G	A	C	H	C	I	R	Ó	O	N	E
S	M	Ó	L	C	A	Á	H	D	I	P	S	F	L	M
A	L	M	E	N	R	C	E	A	L	B	A	N	Á	M
I	N	S	O	R	A	O	N	A	H	B	L	A	E	G
P	I	A	G	L	G	O	T	C	R	Ó	G	Ó	C	I
A	R	E	Ó	N	Á	T	N	A	E	M	Ó	G	A	L
T	R	M	L	Ó	C	U	A	C	C	U	L	M	S	I
C	S	L	A	G	N	Á	H	B	A	H	C	L	U	P



caróg ( <b>crow</b> )	glasóg ( <b>wagtail</b> )
cág ( <b>jackdaw</b> )	meantán ( <b>tit</b> )
colm ( <b>dove</b> )	piasún ( <b>pheasant</b> )
crotach ( <b>curlew</b> )	rúcach ( <b>rook</b> )
dreoilín ( <b>wren</b> )	smólach ( <b>thrush</b> )
fáinleog ( <b>swallow</b> )	spideog ( <b>robin</b> )
fuiseog ( <b>lark</b> )	traonach ( <b>corncrake</b> )
gealbhan ( <b>sparrow</b> )	ulchabhán ( <b>owl</b> )





## AN GIRO d'ITALIA

Pádraig Mac Éil

Thosaigh an Giro ar an 9 Bealtaine leis an chéad chéim sa Cheathrú Titanic i mBéal Feirste. Triail ama 21.7 km d'fhoirne a bhí ann agus chríochnaigh sé i gCearnóg Dhún na nGall Thuaidh. Bhuaigh foireann Orica-Greenedge agus thóg Svein Tuft an *maglia rosa* (geansaí bándearg) don chéim. Bhuaigh an Gearmánach Marcel Kittel céim 2,218 km, ó Bhéal Feirste go Gleann Ghormlathie, feadh Clochán na




bhFomhórach (*Giant's Causeway*) agus ar ais trí Cois Abhann Dalla, Latharna agus Carraig Fhearghais go Béal Feirste. Bhuaigh an fear céanna, agus é ag ceiliúradh a 26 breithlá an tríú céim freisin, 187 km ó Bhéal Feirste go Baile Átha Cliath ar an Domhnach, 11 Bealtaine. Chríochnaigh sin i gCearnóg Mhuirfean. De réir an Gharda Síochána bhí níos mó ná 200,000 amuigh ag féachaint ar an 3 km deireanach den chéim. Bhí ar Kettel, áfach, éirí as an Rás toisc fiabhras air. D'fhág na rothaithe Éire ansin agus chuaigh siad go deisceart na hIodáile i gcóir céim 4 ó Giovinazzo go Bari. Ba é an tAstrálach, Michael Matthews, an té a bhí chun tosaigh, tar éis na céime seo.

De réir Vicipéide ([Wikipedia](#)), cé nár bhuaigh aon Éireannach ach Stiofán de Róiste an Giro (1987), tagann Éire sa 9ú áit i liosta de na tíortha a bhuaigh an geansaí bándearg. Bhí Nioclás de Róiste ([Nicolas Roche](#), mac Stiofáin a rugadh sa Fhrainc), sa 50ú áit (4 nóiméad ar chúl) agus Pilib Ó Duigeannáin ([Philip Duignan](#), ó Co Dún na nGall) sa 70ú áit (10 nóiméad ar chúl) tar éis céim 9. Thosaigh Éireannach eile, Dónall Ó Mairtín (Dan Martin, nia Stiofáin de Róiste a rugadh i Sasana), an Rás ar an 9 Bealtaine ach gortaíodh é i dtionóisc i rith an chéad chéime agus bhris sé a dhealrachán (*collarbone*).



Dan Martin



Nicolas Roche



Philip Duignan

Bhí Cadel Evans chun tosaigh tar éis céime 9 ach tá sé róluath a rá cé a bhuafaidh an Giro. Tá dhá chéim déag le dul fós. Mar a deirtear is iomaí tuisle ón lámh go dtí an béal !

## CRAOBHCHOMÓRTAS LEADÓIGE OSCAILTE NA FRAINCE

Cuirfear tús leis an 113ú Craobhchomórtas Oscailte na Fraince ([French Open](#)) i Staid Roland Garros i bPáras ar an 25 Bealtaine. Críochnóidh sé ar an 8 Meitheamh. Sa comórtas tá cluiche singil agus cluiche dúbailte na bhfear agus na mban comh maith le cluiche measctha. Imrítear na cluichí ar an fiche cúirteanna



cré atá sa Staid. Beidh Rafael Nadal ag imirt mar chosantóir churadh shingil na bhfear. Bhuaigh sé an comórtas gach bliain ó 2005 go 2013 ach amháin 2009. Beidh Serena Williams ag imirt mar chosantóir churadh shingil na mban. I measc na réaltaí eile a bheidh i láthair beidh Novak Djokovic (curadh Chomórtas Oscailte na hAstráile 2013), Stanislaus Waerinka (curadh Chomórtas Oscailte na hAstráile 2014), Roger Federer (curadh Wimbledon 2012) agus Andy Murray (curadh Wimbledon 2013). Ó thaobh na mná de beidh Li Nia (curadh Wimbledon 2013 agus curadh Chomórtas Oscailte na hAstráile 2014), agus Maria Sharapova (curadh Chomórtas Oscailte na Fraince 2012).

